


ALT 8 ACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA 2005

Treoir Ghinearálta Uimh. 3A

De bhun na gcumhachtaí a bhronntar uirthi ag alt 8 (4) Acht an Gharda Síochána 2005, leis seo, tugann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí an treoir ghinearálta a leanas maidir le hionchúisimh a thionscnamh agus a sheoladh maidir le líomhaintí gur seoladh foirm RF111 um athrú sonraí chuig oifig mótarchánach chun críocha bréagdhearbhú a dhéanamh gur cuireadh inneall nua isteach i bhfeithicil le méid laghdaithe de thoilleadh innill.

Ina leithéid de chásanna toilfonn an Stiúrthóir le cur de lámh go hachomair gan comhad an Gharda Síochána a chur isteach maidir leis an gcion de chaimiléireacht faoi alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 nuair nach bhfuil luach an ghnóthachain nó an chaillteanais níos mó ná €7,000.

Ba cheart don Gharda atá i gceannas ar an gcás smaoineamh ar chomhad a chur ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcás ar bith nuair is é an cás, cé go bhfuil an cion nó na cionta gafa ag an toiliú ginearálta thuas, go dtugtar le tuiscint le héagsúlacht na gcúiseanna nó le taifead roimhe sin an chúisí nó le himthosca géaraitheacha eile nach mbeadh cur de lámh go hachomair iomchuí nó go mbeadh pianbhreith 12 mhí (nó i gcás nuair atá níos mó ná cion amháin ann pianbhreith 24 mhí) leordhóthanach.



Catherine Pierse
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

8 Samhain 2021